C/2025/4995

9.9.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/4995)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Dalmatinski pršut'

Uimhir thagartha an Aontais: PGI-HR-01205-AM01 — 11.6.2025

1. **Ainm an táirge**

'Dalmatinski pršut'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ TGFC

☐ ATFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Chróit

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm/ainmneacha

An Aireacht Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Iascaigh

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Ní áirítear sa leasú ar an tsonraíocht táirge athrú ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint ná ar úsáid an ainm sin. Níl aon riosca ann go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach táirgeachta sainithe ar neamhní, ná níl aon srian breise ar mhargú an táirge i gceist leis an leasú.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Leasú caighdeánach ar phointe 2 den tsonraíocht táirge (fophointe 2.2. Tuairisc ar an amhábhar)

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

Baineann an leasú le fophointe 2.2 (Tuairisc ar an amhábhar). Sa roinn maidir le teocht na feola, athraíodh an tairseach teochta níos ísle chun cosa a choimeád le linn stórála agus iompair ó 1 °C go -2 °C.

Tá ionadú déanta ar an bhfoclaíocht roimhe seo:

'Ciallaíonn fuarú nach mór, le linn céimeanna stórála agus iompair, cosa a choimeád ag teocht idir -2 °C agus 4 °C agus nach féidir iad a reo. Nuair a sheachadtar cos chuig an láithreán táirgthe, bíonn a teocht inmheánach idir 1 °C agus 4 °C.'

leis an bhfoclaíocht seo a leanas:

'Ciallaíonn fuarú nach mór, le linn céimeanna stórála agus iompair, cosa a choimeád ag teocht idir -2 °C agus 4 °C agus nach féidir iad a reo. Nuair a sheachadtar cos chuig an láithreán táirgthe, bíonn a teocht inmheánach idir -2 °C agus 4 °C.'

Cúiseanna

Is é is cúis leis an leasú go bhfuil sé deacair an raon teochta cúng a bhí ann roimhe seo a choinneáil ar bun i bhfeithiclí cuisniúcháin. Ina theannta sin, is minic a léiríonn taifeadáin teochta léamha atá céim amháin nó dhá chéim níos ísle ná an teocht is gá.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú caighdeánach ar phointe 2 den tsonraíocht táirge (fophointe 2.3. Tuairisc ar an táirge críochnaithe)

Tuairisc

I bhfophointe 2.3 maidir leis an tuairisc ar an táirge críochnaithe, laghdaíodh an tairseach cion taise níos ísle ó 40 % go 30 %.

An fhoclaíocht roimhe seo:

'I dteannta na gcáilíochtaí orgánaileipteacha thuasluaite, ní mór na hairíonna ceimiceacha seo a leanas a bheith ag "Dalmatinski pršut":

(a) cion taise idir 40 % agus 55 %;

(b) gníomhaíocht an uisce (aw) faoi bhun 0.93;

(c) cion salainn (NaCl) idir 4,5 % agus 7,5 %.'

cuireadh isteach an méid a leanas ina hionad:

'I dteannta na gcáilíochtaí orgánaileipteacha thuasluaite, ní mór na hairíonna ceimiceacha seo a leanas a bheith ag "Dalmatinski pršut":

(a) cion taise idir 30 % agus 55 %;

(b) gníomhaíocht an uisce (aw) faoi bhun 0.93;

(c) cion salainn (NaCl) idir 4,5 % agus 7,5 %.'

Cúiseanna

Is é is cúis leis an leasú gur léirigh an próiseas chun liamhása níos mó a dheimhniú gurbh ísle ná 40 % go minic cion taise liamhás is mó, a thóg níos faide lena leasú, gan aon airí orgánaileipteach a chur i mbaol.

Maidir leis an bhfíoras go gcoinníonn na liamhása a n-airíonna orgánaileipteacha, tacaítear leis sin i bhfoilseachán eolaíoch Sensory characteristics of dry cured ham Dalmatinski pršut [Saintréithe céadfacha liamháis thirimleasaithe Dalmatinski pršut]: Influence of water content and packaging for long period chilled storage [Tionchar an chion uisce agus an phacáistithe le haghaidh stóráil fhuaraithe ar feadh tréimhse fhada] (Sandra Petričević, Eddy Listeš, Taja Bogdanović, Tomislav Dujić agus Irena Listeš; Veterinarska Stanica Uimh. 55 (2024), 6; lgh. 641–655).

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú caighdeánach ar phointe 5 den tsonraíocht táirge (fophointe 5.1 Na liamhása a shailleadh)

Tuairisc

I bhfophointe 5.1, a bhaineann leis an gcéim shaillte, leasaíodh na treoracha maidir leis na cosa a láimhseáil tar éis an dara sailleadh.

An abairt dheireanach d'fhophointe 5.1, ina raibh an méid seo a leanas ar dtús:

'Tar éis 7-10 lá (ag brath ar mhéid na coise), ní mór na cosa a shailleadh arís agus iad a leagan ar a dtaobh meánach fúthu ar feadh 7-10 lá eile.'

cuireadh an abairt seo a leanas ina hionad:

'Tar éis 7-10 lá (ag brath ar mhéid na coise), ní mór na cosa a shailleadh arís agus a fhágáil ar feadh 7-10 lá eile, agus an taobh meánach suas i gcónaí.'

Cúiseanna

Luadh i bhFophointe 5.1 roimhe seo nach mór na cosa a chur leis an taobh meánach fúthu; bhí an cleachtas sin fréamhaithe i mbealaí traidisiúnta déantóirí liamhás tirimleasaithe sa Dalmáit. Le himeacht ama, cuireadh feabhas ar na próisis theicneolaíocha a úsáidtear chun liamhása tirimleasaithe a tháirgeadh, go háirithe a bhuí le rannpháirtíocht níos mó ó speisialtóirí, i.e. saineolaithe próiseála feola, agus nuachóiriú gléasra, lena n-áirítear saoráidí nua a thógáil agus trealamh nua-aimseartha a úsáid. De réir mar a bhí feabhas á chur ar an bpróiseas táirgthe, suíodh, ó thaobh an phróisis theicneolaíoch a bhaineann le liamhás tirimleasaithe a dhéanamh, nach raibh na cosa a fhágáil lena dtaobh meánach fúthu le linn na céime saillte comhsheasmhach le sárchleachtas comhaimseartha.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú caighdeánach ar phointe 5. den tsonraíocht táirge (fophointe nua 5.3 Na liamhása a réamhshuí agus fophointe nua 5.4 Na liamhása a shuí)

Tuairisc

Cuireadh dhá chéim theicneolaíocha nua isteach tar éis chéim an bhrú: réamhshuí agus suí, mar a thuairiscítear sa dá fhophointe nua: 5.3 agus 5.4.

Cuireadh isteach an fophointe nua seo a leanas 5.3 Na liamhása a réamhshuí:

'Tosaíonn an chéim theicneolaíoch a bhaineann le réamhshuí na liamhás trí theaghrán a cheangal timpeall na coise nó í a chur ar crochadh ó chrúca cruach dosmálta a théann tríd an gcos os cionn an ailt muiceola (tiúbar chnámh na sáile). Crochtar na cosa ansin ar racaí agus déantar aerchúrsaíocht dhian orthu (turbachóras) ina n-aistríonn an t-aer ón mbun aníos. Éascaíonn sé sin diantriomú na gcos timpeall ar cheann an fhéimir. Cuidíonn an chéim sin freisin leis an salann a leathadh ar fud na coise, agus an tiúchan salainn ar an dromchla á chothromú leis an tiúchan salainn laistigh den fheoil, rud a chuireann cosc ar throchlú. Ní mór an teocht le linn na céime seo, a mhaireann 14 lá ar a laghad, a bheith 1-4 °C, agus ní mór an bhogthaise choibhneasta a bheith laistigh den raon 65-75 %.'

Cuireadh isteach an fophointe nua seo a leanas 5.4 Na liamhása a shuí:

'Tar éis na céime réamhshuite, aistrítear na cosa chuig na seomraí suite. Níl aerchúrsaíocht le linn na céime sin chomh dian céanna; dírítear an t-aer chun tús áite a thabhairt do thriomú ceart na gcos timpeall ar an alt agus do thriomú éadrom na ndromchlaí nach bhfuil clúdaithe leis an gcraiceann (le triomú i ndálaí fionnuara cuirtear cosc ar chruthú screamh dromchla agus éascaítear idirleathadh ceart an uisce ón lár i dtreo an dromchla). Maireann an chéim seo ceithre seachtaine ar a laghad. Ní mór an teocht le linn na céime seo a bheith idir 2–6 °C, agus ní mór an bhogthaise choibhneasta a bheith laistigh den raon 75–85 %.

Nuair a bhíonn siad suite, déantar na cosa a shruthlú le huisce glan te (thart ar 45 °C) agus fágtar iad lena ndraenáil.'

Tar éis dhá chéim nua a chur leis an nós imeachta teicneolaíoch, b'éigean uimhriú na gcéimeanna táirgthe ina dhiaidh sin a mhodhnú. Dá bhrí sin, rinneadh pointe 5.5 de phointe 5.3 roimhe seo; rinneadh pointe 5.6 de phointe 5.4 roimhe seo; rinneadh pointe 5.7 de phointe 5.5 roimhe seo.

Cúiseanna

Cuidíonn na céimeanna sin le dlús a chur le triomú na gcos amh tríd an gcion uisce san ábhar tirim a laghdú, rud a bhaintí amach trí na seomraí a aerú agus ligean don aer imshruthú go nádúrtha, go háirithe nuair a bhí an Bora (gaoth fhuar agus thirim) ag séideadh. Cé go bhfuil cáil ar réigiún na Dalmáite, áit a dtáirgtear 'Dalmatinski pršut', mar gheall ar ghaotha Bora a bhíodh ann go minic, is annaimhe a bhíonn na gaotha sin ann anois mar gheall ar an athrú aeráide. Mar gheall air sin, is gá an t-aer a imshruthú go saorga sna seomraí triomúcháin, áit a gcuirtear na gaothráin ar bhealach lena n-áirithítear go dtriomaíonn na cosa go cothrom.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú caighdeánach ar phointe 5 den tsonraíocht táirge (fophointe 5.5 Na liamhása a dheatú agus a thriomú)

Tuairisc

Leasaíodh an chéad abairt i bhfophointe 5.5 Na liamhása a dheatú agus a thriomú (fophointe 5.3 roimhe seo) ionas go gcuirfear an dá chéim táirgthe nua san áireamh i dtús na tuairisce ar an gcéim dheataithe agus thriomaithe.

An abairt roimhe seo:

'Ceanglaítear na cosa, iad saillte, sruthlaithe agus draenáilte i gceart, le teaghrán nó cuirtear ar crochadh iad ó chrúca cruach dosmálta a théann tríd an gcos os cionn an ailt mhuiceola (tiúbar chnámh na sáile) agus aistrítear iad chuig seomra atá go hiomlán glan chun an teocht a chothromú roimh dheatú.'

cuireadh an abairt seo a leanas ina hionad:

'Tar éis na céime brúite, mura bhfuil na cosa curtha tríd na céimeanna réamhshuite agus suite, déantar na cosa a cheangal le teaghrán nó cuirtear ar crochadh iad ó chrúca cruach dosmálta a théann tríd an gcos os cionn an ailt mhuiceola (tiúbar chnámh na sáile) agus aistrítear iad chuig seomra atá go hiomlán glan chun an teocht a chothromú roimh dheatú.'

Cúiseanna

—

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú caighdeánach ar phointe 5 den tsonraíocht táirge (fophointe 5.6 Na liamhása a aibiú)

Tuairisc

I bhfophointe 5.6 maidir le haibiú na liamhás (fophointe 5.4 roimhe seo), áirítear anois an fhéidearthacht aon scoilt a tharlaíonn ar an taobh meánach a líonadh isteach le saill muice íon mheilte nó le blonag. Chomh maith le saill muice mheilte a úsáid, is féidir meascán de bhlonag agus de phlúr cruithneachta nó ríse a úsáid freisin chun scoilteanna a líonadh.

An abairt roimhe seo:

'Le linn chéim an aibithe, féadfar aon scoilt a thagann chun cinn ar an taobh meánach a líonadh trí úsáid a bhaint as meascán de shaill muice mheilte a mheasctar le plúr cruithneachta nó ríse agus salann.'

cuireadh an abairt seo a leanas ina hionad:

'Le linn chéim an aibithe, féadfar aon scoilt a thagann chun cinn ar an taobh meánach a líonadh le saill muice mheilte nó le blonag nó le meascán de shaill muice mheilte nó blonag le plúr cruithneachta nó ríse agus salann.'

Cúiseanna

Trí na scoilteanna a líonadh le saill muice mheilte nó blonag, gan an ceanglas sainráite a bheith ann an tsaill nó an bhlonag a mheascadh le plúr cruithneachta nó ríse, déantar an nós imeachta teicneolaíoch níos simplí agus níos tapúla, ós rud é go bhfuil saill muice íon nó blonag níos boige i ndáiríre agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé níos éasca iad a mhúnlú agus a chur ar aon scoilt sna liamhása. Léiríonn an úsáid a bhaintear as saill muice íon nó blonag ar liamhása a tháirgtear lasmuigh de scéim TGFC 'Dalmatinski pršut' go bhfuil an modh chomh héifeachtach céanna agus go mbaineann sé amach an sprioc chéanna le saill nó blonag a mheasctar le plúr cruithneachta nó ríse a chur.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Dalmatinski pršut'

Uimhir thagartha an Aontais: PGI-HR-01205-AM01 — 11.6.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Dalmatinski pršut'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Chróit

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/114*

16 — ULLMHÓIDÍ Ó FHEOIL, Ó ÉISC, Ó CHRÚSTAIGH, Ó MHOILISC NÓ Ó INVEIRTEABRAIGH UISCE EILE, NÓ Ó FHEITHIDÍ

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is éard atá in 'Dalmatinski pršut' ná táirge feola tirimleasaithe atá déanta as cos muice, leis an gcnámh, an craiceann agus an tsaill fho-chraicneach.

Níl aon bhreiseán in 'Dalmatinski pršut' (nítrít, níotráit, sorbáit photaisiam, aigéid ascorbacha nó phrópánócha) seachas salann sáile.

Tá na hairíonna orgánaileipteacha seo a leanas ag 'Dalmatinski pršut':

(a) cuma sheachtrach: saor ó scoilteanna, gearrthacha nó fíochán matánach nó craiceann atá ar crochadh go scaoilte, agus gan roic fheiceálacha ar an gcraiceann;

(b) trasghearradh: tá dath idir bán agus bándearg ar an tsaill fho-chraicneach agus tá dath cothrom idir dearg agus dearg éadrom ar an bhfeoil;

(c) dea-bholadh: dea-bholadh muiceola coipthe, saillte, triomaithe agus deataithe, gan aon bholadh coimhthíoch (tarra, ola, feoil amh, féar fliuch nó tirim); tá dea-bholadh an deataigh séimh;

(d) blas: idir a bheith beagán goirt agus goirt;

(e) uigeacht: bog.

Tá na hairíonna ceimiceacha seo a leanas ag 'Dalmatinski pršut':

a) cion taise idir 30 % agus 55 %;

(b) gníomhaíocht an uisce (aw) faoi bhun 0.93;

(c) cion salainn (NaCl) idir 4,5 % agus 7,5 %.

Faoin am a chuirtear ar an margadh é bíonn 6,5kg meáchain ar a laghad in 'Dalmatinski pršut' agus é tar éis 12 mhí a chaitheamh ag aibiú ón uair a cuireadh tús leis an bpróiseáil.

Táirgtear 'Dalmatinski pršut' ó chosa muiceola úra, ar an gcnámh, a fhaightear ó mhuca de phórtha feola tráchtála, de chrosphórtha nó de línte pórúcháin nó de chrosphórtha ar de mheascán díobh sin iad.

Is é 11 kg meáchan íosta coise bearrtha.

Cáilíocht na feola: níor cheart aon chomhartha tráma inbhraite a bheith ar chos úr. Bíonn dath scothdhearg bándearg ar an bhfeoil, bíonn an uigeacht teann agus bíonn an dromchla saor ó ábhar úsctha (RFN).

Feoil atá meathbhán, bog agus a bhíonn ag úscadh (PSE), feoil atá dorcha, teann agus tirim (DFD), feoil a bhfuil dath inmhianaithe uirthi ach atá bog agus a bhíonn ag úscadh (RSE) agus feoil atá teann agus nach n-úscann ach atá meathbhán (PFN), ní fhéadfar iad a úsáid.

Nuair a sheachadtar cos muiceola go dtí an láithreán táirgthe, bíonn a pH, mar a thomhaistear é san áit a bhfuil an matán, idir 5.5 agus 6.1.

Cumhdach saille: is é 15 mm tiús íosta na saille fo-chraicní, leis an gcraiceann, ar an gcuid sheachtrach de chos bhearrtha, arna thomhas go hingearach faoi bhun cheann an fheimir.

Tá an brat saille a shíneann feadh chiumhais chruinn na coise leordhóthanach lena chinntiú nach scarfaidh an craiceann ón matán foluiteach.

Teocht na feola: nuair a sheachadtar cos go dtí an láithreán táirgthe, bíonn an teocht inmheánach idir 1 °C agus 4 °C.

Le linn stórála agus iompair, coinnítear cosa úra ag teocht idir -2 °C agus 4 °C. Ní fhéadfar na cosa a reo.

Ní mór salann a chur ar na cosa idir 24 agus 96 uair an chloig ó mharaítear an mhuc.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Gach céim i dtáirgeadh 'Dalmatinski pršut', ó shailleadh na gcos úr go dtí a mbrú, deatú, triomú agus aibiú, ní mór iad a dhéanamh laistigh den limistéar geografach a shonraítear i roinn 4.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Tar éis dheireadh chéim an aibithe, brandáiltear te na liamhása le marc branda ina bhfuil siombail choiteann 'Dalmatinski pršut' agus cód an táirgeora, atá comhionann le huimhir rialaithe tréidliachta na saoráide.



Nuair a chuirfear an táirge ar an margadh, ní mór an t-ainm 'Dalmatinski pršut' agus an tsiombail choiteann a bheith air. Ní mór an t-ainm 'Dalmatinski pršut' a bheith soléite agus doscriosta, agus ní mór é a bheith mór agus aibhsithe go leordhóthanach leis an gcló agus dath chun go seasfaidh sé amach níos soiléire ná aon fhoclaíocht eile.

Tá sé de cheart ag úsáideoirí uile an ainmniúcháin tionscnaimh a chuireann an táirge ar an margadh i gcomhréir lena shonraíocht úsáid a bhaint as an tsiombail choiteann, faoi na coinníollacha céanna.

4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

Is sa Dalmáit a tháirgtear 'Dalmatinski pršut'. Síneann teorainn thuaidh an limistéir táirgeachta trí bhaile Novalya, bardas Kolan, baile Pag, bardais Starigrad agus Jasenice, baile Obrovac, bardas Ervenick agus baile Knin. San oirthear tá teorainn ag an limistéar leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin agus le Montainéagró. Sa deisceart agus san iarthar, tá an limistéar críochaithe ag an teorainn stáit mhuirí le Poblacht na hIodáile.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach (sic) bunaithe ar

☑ clú

☑ cáilíocht áirithe

☐ saintréithe eile an táirge

Achoimre ar an nasc

Tá an nasc idir 'Dalmatinski pršut' agus an limistéar geografach ina dtáirgtear é bunaithe ar shaintréithe an táirge a eascraíonn ón modh táirgthe traidisiúnta agus ón gclú freisin atá bainte amach ag an táirge réigiúnach ar bhonn náisiúnta.

Sainiúlacht an limistéir

Tosca nádúrtha

Táirgtear 'Dalmatinski pršut' ar fud limistéar geografach na Dalmáite, arb í an stráice is faide í de chósta na Cróite feadh an Aidriadaigh. Is éard atá sa Dalmáit ná oileáin, an cósta agus an chúlchríoch fho-Mheánmhuirí. Go ginearálta tá an cósta, na hoileáin agus an chúlchríoch shléibhtiúil comhthreomhar le chéile ón iarthuaisceart go dtí an t-oirdheisceart. Tá an chúlchríoch sléibhtiúil agus tá saintréithe carstacha tipiciúla inti.

Aeráid Mheánmhuirí atá sa Dalmáit, bíonn an samhradh te agus bíonn an geimhreadh séimh tais. Sa gheimhreadh, is í 3.6–9.0 °C, an mheánteocht, agus is í 24.7–25.3 °C. an mheánteocht sa samhradh. Tá an bhogthaise choibhneasta idir 56 % agus 76 %. Is feiniméan aeráide tipiciúil de chuid an limistéir an Bóra, gaoth fhuar thirim a bhíonn ann le linn an gheimhridh agus a shéideann 130 lá sa bhliain ar an meán. Leis na tosca aeráide seo uile cruthaítear dálaí a chuidíonn le triomú agus aibiú 'Dalmatinski pršut'.

Tosca daonna

A bhuí leis an salann sáile a bhí ar fáil go héasca agus leis an aeráid fhabhrach, shealbhaigh muintir na Dalmáite go han-tapa ó na Sean-Rómhánaigh an scil maidir le muiceoil a leasú trína sailleadh agus a thriomú. Ó shin i leith tugadh an saineolas a bhaineann le pršut a dhéanamh ar aghaidh ó ghlúin go glúin, agus le himeacht ama glacadh leis mar phróiseas táirgthe traidisiúnta sa Dalmáit.

Tá an saineolas ar an traidisiún ina dhlúthchuid de chéimeanna uile tháirgeadh 'Dalmatinski pršut'. Roghnaíonn lucht déanta pršut sa Dalmáit liamhása ar ardchaighdeán de mheáchan 11 kg ar a laghad agus a bhfuil brat saille agus craiceann 15 mm ar a laghad orthu. Sula gcuireann siad salann air fáisceann siad an fuílleach fola amach as an liamhás, ón artaire féimearach go háirithe, sa chaoi nach milltear é le linn chéim an triomaithe agus an aibithe. Tagann scil lucht déanta pršut chun cinn freisin nuair a bhíonn an tréimhse a bhfuil an liamhás le sailleadh agus le brú le socrú, tréimhse atá ag brath ar mheáchan an liamháis go príomha

Déantar cúram faoi leith de mhodh agus d'fhad an deataithe, agus de roghnú an adhmaid. Go deimhin, bhíodh 'Dalmatinski pršut' ar dtús á chaomhnú go príomha trí shailleadh agus triomú seachas trí dheatú. Chun deireadh a chur leis an mbogthaise le linn aimsir fhliuch bháistí a tosaíodh ag deatú 'Dalmatinski pršut' le linn na tréimhse triomaithe — rud a dhéantaí in aice an tinteáin sna seanchistineacha nó i mbotháin triomaithe ar a raibh díonta póiriúla. Chomh luath is a d'athraigh an aimsir agus a shéid an Bóra arís, thugtaí na liamhása amach faoin aer lena dtriomú.

D'fhoghlaim lucht déanta 'Dalmatinski pršut' go bhféadfaí feoil dheataithe a leasú níos fearr agus a choimeád níos faide a bhuí le hairíonna frithocsaídeacha agus baictéiricídeacha an deataigh, agus sin é an chúis ar dheataigh siad na liamhása fiú amháin le linn aimsir thirim nuair nach raibh aon ghá i ndáiríre iad a chrochadh in aice na dtinteán. Cé nach dteastaíonn deatach mar leasaitheach ó mhodh próiseála an lae inniu a thuilleadh, úsáidtear fós é i bpróiseáil 'Dalmatinski pršut' chun dea-bholadh uathúil sonrach na muiceola deataithe triomaithe a thabhairt. Sa lá atá inniu ann is nós imeachta táirgthe ar leithligh é an deatú agus úsáidtear deatach fuar a fhaightear nuair a dhóitear cruaadhmad nó scamhacháin an chrainn shleamhain (*Carpinus sp.*), na darach (*Quercus sp.*) nó na feá (*Fagus sp.*), cineálacha adhmaid a úsáideadh mar bhreosla go traidisiúnta i dtithe áitiúla an limistéir.

Sainiúlacht an táirge

Is in airíonna orgánaileipteacha 'Dalmatinski pršut' go príomha a léirítear a uathúlacht. arb iad toradh an phróisis táirgthe.

Is é a dhea-bholadh an t-airí orgánaileipteach is saintréithiúla atá aige, meascán de mhuiceoil thirim choipthe agus de bholadh deataigh séimh. Tá taighde déanta a léiríonn go bhfuil difríochtaí idir comhdhéanamh substaintí luaineacha in 'Dalmatinski pršut' agus i sé liamhás thirimleasaithe eile ó thíortha Dheisceart na hEorpa, go háirithe i láithreacht feanól (guaidheacól, feanól, o-créasól, m-créasól, 2,5-xileanól, 2,6-xileanól, agus 2,6 démheatocsaifeanól) i ngach sampla de 'Dalmatinski pršut'. Ós rud é nach mbaineann deatú le nós imeachta táirgthe liamhás eile, tá an-dóchúlacht ann gurb iad na feanóil thuasluaite is cúis leis an mboladh deataigh (Igor Jerković, Josip Mastelić, Snježana Tartaglia: A study of volatile flavour substances in Dalmatian traditional smoked ham [Staidéar ar shubstaintí blais luaineacha i liamhás deataithe traidisiúnta Dalmátach]: Impact of drycuring and frying [Tionchar an tirimleasaithe agus an fhriochta], Food Chemistry 104 (2007), lch. 1038).

Tá clú ar 'Dalmatinski pršut' i ngeall freisin ar an mblas idir beagán goirt agus goirt atá air, a uigeacht bhog agus a dhath cothrom atá idir dearg agus dearg éadrom.

Nasc cúisíoch idir an limistéar agus saintréithe an táirge

Léirítear an nasc idir saintréithe 'Dalmatinski pršut' agus a limistéar táirgeachta go príomha in úsáid an mhodha táirgthe thraidisiúnta, a tugadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Is i ngeall ar scileanna táirgthe traidisiúnta atá saintréithe ar leith ag 'Dalmatinski pršut' a chuidigh lena chlú a bhaint amach.

Is é an ghné is suntasaí de Dalmatinski pršut' a dhea-bholadh bog saintréithiúil deataigh. Dá bhrí sin, is céim thar a bheith íogair sa táirgeadh é an deatú, ar lena linn nach mór do dhéantóirí pršut aird ar leith a thabhairt ar chineálacha oiriúnacha connaidh a roghnú, agus ar an méid deataigh agus ar fhad an phróisis deataithe, a bhraitheann go príomha ar mheáchan na gcos agus ar an aimsir tráth an deataithe. Mura roghnaítear na paraiméadair sin i gceart d'fhéadfadh go mbeadh dea-bholadh millteanach deataigh as, go mbeadh drochdhath ar an gcraiceann, go mbeadh an fheoil níos righne agus nach leáfadh sé chomh héasca céanna sa bhéal.

Léirítear scil lucht déanta pršut le linn na tréimhse aibithe sa chaoi ina rialaíonn siad an t-aershreabhadh, an teocht agus an bhogthaise choibhneasta lenar féidir na próisis mheitibileacha a rith ar an ráta iomchuí, rud a chuireann cosc ar thriomú róthapa nó iomarcach na feola as a dtagann feoil níos righne agus caillteanas an datha chothroim idir dearg agus dearg éadrom feadh leithead an fhíocháin mhatánaigh mar gheall ar dhorchú na gciumhaiseanna.

A bhuí lena dhea-bholadh deataigh tá clú bainte amach le tamall fada ag 'Dalmatinski pršut'níos faide ná a limistéar táirgeachta.

Ag deireadh na 1930idí, d'fhógair Rudolf Bergštajn, úinéir tí ósta ó bhaile Varaždin, i seachtanán áitiúil go raibh fáilte roimh a chuid aíonna blaiseadh de '[...] "fíor-Dalmatinski pršut" [...]' (Hrvatsko jedinstvo Uimh. 60, 1938, Varaždin, lch. 8).

Mhéadaigh an t-éileamh a bhí ar 'Dalmatinski pršut' go tapa sna 1960idí, rud a chuir borradh faoin táirgeadh a bhí eagraithe ar bhonn comhoibríoch.

Ina rannchuidiú leis an nuachtlitir trádála Meso (2006), deir M. Krvavica agus J. Đugum ‘Cineálacha traidisiúnta pršut na Cróite, lena n-áirítear “Dalmatinski pršut”, [...] tá saintréithe iontu a rangaítear go cinnte i measc pršut den chaighdeán is airde [...]’. Tugann sé sin le fios go bhfuil clú ar ‘Dalmatinski pršut’ fós sa lá atá inniu ann mar gheall ar a cháilíocht agus ar an modh táirgthe traidisiúnta.

Bíonn taispeántais ag táirgeoirí ‘Dalmatinski pršut’ go tráthrialta ag an Aonach Náisiúnta Pršut atá á eagrú in Sinj ó bhí 2006 ann agus ina mbíonn taispeántóirí idirnáisiúnta páirteach freisin, agus ag an Aonach Idirnáisiúnta Prosciutto atá á eagrú in Tinjan ó bhí 2007 ann, agus buann siad craobhacha ansin go minic. Bhuaigh ‘Dalmatinski pršut’ craobhacha agus boinn óir in 2009, 2010 agus 2013 ag an Aonad Talmhaíochta Idirnáisiúnta in Novi Sad, an tSeirbia.

Leis an méadú ar an turasóireacht i lár na 1990idí agus an t-éileamh méadaithe ar tháirgí áitiúla tipiciúla, is sócamas sonrach Dalmátach é‘Dalmatinski pršut’ anois chomh maith le bheith ina mhórtháirge bia traidisiúnta sa Chróit, i dtaobh an gheilleagair de.

Tagairt do sheoladh leictreonach (url) na sonraíochta foilsithe

https://poljoprivreda.gov.hr/UserDocsImages/dokumenti/hrana/zoi-zozp-zts/dokumenti-zoi-zozp-zts/Izmijenjena%20Specifikacija%20prosinac%202024.pdf